

## FÓGRA FOLÚNTAIS CHUN LIOSTA IONADAITHE A BHUNÚ

Teideal poist	<b>Ceann na Seirbhíse um Ghnó a Chur Chun Cinn (F/B)</b>
Feidhmghrúpa/grád	AD 9
Cineál conartha	Gníomhaire Sealadach
Tagairt	EXT/22/81/AD 9/CD
Spriocdháta le haghaidh iarratas	<b>20/07/2022 23:59 Am Alicante (Am Lár na hEorpa)</b>
Áit fostaíochta	Alicante, AN SPÁINN
Liosta ionadaithe bailí go dtí an	<b>31/12/2023</b>
An líon iarrthóirí ar an liosta ionadaithe	<b>3</b>

Tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (“EUIPO” nó “an Oifig”) d’fhonn liosta ionadaithe a chruthú óna líonfar post folamh mar Cheann na Seirbhíse um Ghnó a Chur Chun Cinn (F/B) <sup>1</sup>do Roinn na gCustaiméirí (CD) de EUIPO.

### 1. CÚLRA

Bunaíodh an Oifig le Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 40/94 an 20 Nollaig 1993 (anois Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádmarc an Aontais Eorpaigh (“EUTMR”) mar ghníomhaireacht díláraithe den Aontas Eorpach (“AE”) chun cosaint cheart um maoin intleachtúil (MI) a thairiscint do ghnólachtaí agus do nuálaithe ar fud AE agus níos faide i gcéin. Le Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 6/2002 an 12 Nollaig 2001 cruthaíodh an dearadh Comhphobail cláraithe atá faoi bhainistiú na hOifige freisin, agus níos moille, le Rialachán (AE) Uimh. 386/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2012, fágadh faoi chúram na hOifige an Fhaireachlann Eorpach um Shárúithe ar Chearta Maoine Intleachtúla.

Tá an Oifig lonnaithe in Alicante, an Spáinn, ó bunaíodh í thiar sa bhliain 1994, áit a mbainistíonn sí clárú thrádmharcanna AE agus an dearadh Chomhphobail cláraithe, atá bailí ar fud an Aontais Eorpaigh. Leathnaítear an obair ar leibhéal AE chuig cóineasú uirlisí agus cleachtas i gcomhar leis na comhpháirtithe in oifigí náisiúnta agus réigiúnacha MI ar fud Bhallstáit AE, le húsáideoirí agus le comhpháirtithe institiúideacha eile. Le chéile, is ionann na hoifigí seo agus Gréasán an Aontais Eorpaigh um Maoin Intleachtúil (EUIPN), ag comhoibriú d’fhonn eispéireas comhsheasmhach cláraithe a thairiscint d’úsáideoirí, cibé acu ar an leibhéal náisiúnta nó AE.

Tá Roinn na gCustaiméirí (CD) freagrach as forbairt agus cur chun feidhme na straitéisí, na seirbhísí agus na próiseas atá beartaithe chun seirbhísí a bhunú, a chothabháil agus a fheabhsú do chustaiméirí uile na hOifige, i gcomhar leis na ranna ábhartha go léir, chomh maith le bheith i gceannas ar eispéireas custaiméirí inmheánacha agus seachtracha agus chun cultúr sármhaitheasa seirbhíse do chustaiméirí a chur chun cinn tuilleadh laistigh den Oifig. Tá sí freagrach as seirbhísí teanga, lena n-áirítear caidreamh le hIonad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (CdT). Ina theannta sin, tá an CD freagrach as feasacht agus úsáid Maoine Intleachtúla (MI) a ardú i measc

<sup>1</sup> Is post meánbhainistíochta é an post seo faoi réir an chreata dhlíthiúil is infheidhme (Cinneadh Uimh. [MB-20-05](#)).

FBManna, lena n-áirítear forbairt agus cothabháil na Smaointe faoi Chumhachtú le haghaidh líonra gnó, Smaointe faoi Chumhachtú le haghaidh láithreán gréasáin gnó agus tacaíocht oibríochtúil na hOifige don Lárionad Eorpach um Fhaisnéis MI.

Laistigh de CD, beidh an tSeirbhís um Ghnó a Chur Chun Cinn freagrach as seirbhísí teanga na hOifige, cur chun cinn, margaíocht agus cumarsáid ghnó chomh maith le himeachtaí for-rochtana gaolmhara.

Féach láithreán gréasáin na hOifige chun tuilleadh faisnéise a fháil:

<https://euipo.europa.eu/ohimportal/en/home>

## 2. DUALGAIS

Tá struchtúr bainistíochta na hOifige lárnach do bheartas bainistíochta tallainne na hOifige. Tá bainisteoirí freagrach as cuir chuige nua a leagan amach, athrú a thiomáint agus tosaíochtaí oibriúcháin a bhaint amach, chomh maith leis an bhfoireann a bhainistiú agus a fhorbairt.

Tá ról na meánbhainisteoirí ríthábhachtach maidir le dea-fheidhmiú na hOifige. Oibríonn meánbhainisteoirí i ndlúthchomhar agus i gcomhréir le bainistíocht shinsearach na hOifige, chun cur chun feidhme rathúil straitéis agus cuspóirí na hOifige a áirithiú, go háirithe mar a chuimsítear i bPlean Straitéiseach EUIPO.

Agus é/í ag oibriú faoi údarás an Stiúrthóra ar CD, tá sé beartaithe go soláthróidh an t-iarrthóir roghnaithe ceannaireacht agus treoir chun cabhrú leis an roinn a cuspóirí corparáideacha a bhaint amach sa réimse um ghnó a chur chun cinn, agus an méid seo a leanas go sonrath:

- A áirithiú go mbainfeadh amach spriocanna na hOifige a bunaíodh ina Plean Straitéiseach 2025 atá nasctha le cur chun feidhme gníomhaíochtaí agus clár um ghnó a chur chun cinn;
- Comhordú a chinntiú le seirbhísí eile na roinne, agus le ranna ábhartha eile na hOifige trí sheirbhísí cur chun cinn gnó agus seirbhísí teanga a chinntiú;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar threochtaí cur chun cinn agus margaíochta reatha chun éifeachtacht stíleanna éagsúla a chinneadh agus straitéisí nua a mholadh;
- Na foirne a stiúradh chun straitéisí cur chun cinn, margaíochta agus brandála a fhorbairt agus a chur chun feidhme, go himheánach agus go seachtrach;
- Treoir a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt agus claochlú gnó trí nuálaíocht agus trí chur i bhfeidhm na hintleachta saorga (AI), agus tacú leis na gníomhaíochtaí sin;
- Forbairt, cur chun feidhme agus comhlíonadh bheartais agus nósanna imeachta sheirbhísí teanga EUIPO a stiúradh agus leathnú chuig seirbhísí chomhdhréachtaithe;
- Gach gníomhaíocht oibríochtúil a phleanáil, a eagrú agus a chomhordú, mar aon le dea-chleachtais a roinnt laistigh de na foirne sa tSeirbhís agus laistigh den roinn;
- Comhairle a thabhairt maidir le beartais a fhorbairt, tosaíochtaí seirbhíse a shainaithint agus a chinntiú go soláthraítear seirbhísí teanga, margaíochta, cur chun cinn agus seirbhísí cumarsáide gnó ar bhealach comhordaithe;
- Ionadaíocht a dhéanamh don Oifig i gcineálacha éagsúla imeachtaí úsáideoirí agus líonraí comhair, agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a fhorbairt;
- Acmhainní daonna na seirbhíse a bhainistiú, go háirithe na cinn seirbhísí, cuspóirí aonair agus foirne a leagan síos, cúraimí agus spriocanna a leithdháileadh, a áirithiú go soláthrófar

na haschuir chainníochtúla agus cháilíochtúla a bhfuiltear ag súil leo chomh maith le tacú leis an bhfoirne a fhorbairt;

- Bainistíocht agus cur i bhfeidhm iontaofa an bhuiséid a shanntar don tseirbhís ábhartha a áirithiú;
- Cuntasacht iomchuí a áirithiú maidir le cláir, tionscadail nó tionscnaimh eile sna réimsí freagrachta a fhorbairt, a chur chun cinn, a nuashonrú agus a sheachadadh.

### **Na dualgais is infheidhme maidir le gach ball foirne:**

- Oibriú go gníomhach chun spriocanna EUIPO a bhaint amach i gcomhréir leis an bPlean Straitéiseach;
- Aon dualgais agus aon fhreagrachtaí eile a dhéanamh a bhaineann leis an obair, a bhféadfaidh Stiúrthóir na Roinne iad a shannadh.

## **3. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA**

Chun go nglacfar iad isteach sa nós imeachta roghnúcháin seo, **ní mór** d'iarrthóirí **gach ceann** de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh faoin spriocdháta le haghaidh iarratas a chur isteach:

### **Coinníollacha ginearálta<sup>2</sup>**

- A bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach;
- A bheith i dteideal a gceart iomlán mar shaoránaigh;
- Aon oibleagáidí faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;
- Na riachtanais ó thaobh carachtair a shásamh maidir lena oiriúnaí atá sí/sé chun na ndualgas lena mbaineann a chomhlíonadh;
- A bheith corpacmhainneach chun dualgais an phoist a chomhlíonadh.

### **Oideachas**

- Leibhéal oideachais a bheith acu arb ionann é agus **staidéar ollscoile críochnaithe** arna fhianú le diplóma nuair a mhaireann gnáth-thréimhse an oideachais ollscoile **ceithre bliana nó níos mó**,

NÓ

- Leibhéal oideachais a bheith acu arb ionann é agus **staidéar ollscoile críochnaithe** arna fhianú le diplóma **agus taithí ghairmiúil iomchuí** de bhliain amháin ar a laghad nuair a mhaireann gnáth-thréimhse an oideachais ollscoile **trí bliana ar a laghad**.

### **Taithí ghairmiúil**

- Sa bheis ar an taithí ghairmiúil a éilítear sa phointe roimhe seo, **12 bhliain<sup>3</sup> ar a laghad de thaithí ghairmiúil ábhartha lánaimseartha a bheith acu;**

<sup>2</sup> Féach Airteagal 12 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

<sup>3</sup> Áirítear taithí ghairmiúil a gnóthaíodh ón dáta ar ar baineadh amach an diplóma ábhartha lena dtugtar rochtain ar an bhfeidhmghrúpa. Sa chás go bhfuil leibhéal oideachais aige/aici a chomhfhreagraíonn do staidéir ollscoile críochnaithe sa chás go mairéann an ghnáth-thréimhse oideachas ollscoile trí bliana ar a laghad, ní féidir an taithí ghairmiúil chúí aon bhliana a chur san áireamh sa taithí ghairmiúil atá ag teastáil. Sa chás seo, tá 13 bliana de thaithí ghairmiúil san iomlán tar éis dhámhachtain an diplóma trí bliana ag teastáil.

As na 12 bhliain sin:

- Ar a laghad **6 bliana** i réimse **Gnó a Chur Chun Cinn agus Margaíocht le fócas ar Chustaiméirí**;
- **2** bhliain ar a laghad a gnóthaíodh **mar** bhainisteoir d'aonad eagraíochtúil ina bhfuil líon suntasach acmhainní daonna, lena n-áirítear comhordú agus eagrú na hoibre;

### **Scileanna teanga**

- Eolas críochnúil a bheith acu ar Bhéarla (leibhéal C1 ar a laghad) – Teanga 1<sup>4</sup>;
- Eolas maith a bheith acu ar cheann de theangacha oifigiúla AE (leibhéal B2 ar a laghad) – Teanga 2.

Is don Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha a chomhfhreagraíonn na leibhéil atá léirithe.

### **Na croí-inniúlachtaí is gá chun iarratas a dhéanamh ar phost meánbhainistíochta<sup>5</sup>:**

- **Scileanna ginearálta bainistíochta**, lena n-áirítear:
  - an cumas cuspóirí don réimse a shocrú agus a athbhreithniú laistigh de chreat straitéiseach foriomlán agus de thosaíochtaí na Gníomhaireachta;
  - an cumas tosaíochtaí a chinneadh agus díriú orthu agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le cuspóirí na seirbhíse agus cuspóirí bhaill na seirbhíse atá leagtha síos a bhaint amach, i gcomhar leo;
  - an cumas obair na seirbhíse a eagrú, a shannadh agus a bhainistiú i measc bhaill na foirne mar aon le cuspóirí dúshlánacha ach indéanta a leagan síos dóibh;
  - an cumas baill na seirbhíse a chumasú, agus a áirithiú go dtuigeann siad an méid atá le déanamh acu agus conas a chuireann a gcuid oibre le cuspóirí na seirbhíse;
  - an cumas comhoibrithe a roghnú agus foirne láidre a fhorbairt a mbeidh láidreachtaí comhlántacha acu a oireann do shaothrú éifeachtúil chuspóirí na seirbhíse;
  - an cumas baill na foirne a spreagadh chun na torthaí inmhianaithe a bhaint amach agus aiseolas a thabhairt ar bhonn rialta, aitheantas a thabhairt maidir le rath agus leis an ngá atá le feabhsú d'fhonn a chur ar a gcumas a gcuid cuspóirí agus an acmhainneacht is mó atá acu a bhaint amach;
  - an cumas forbairt gairme agus deiseanna foghlama a fhorbairt do bhaill na foirne agus tacú leis sin;
- **Cumarsáid:**
  - an cumas cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus ábhair chasta a chur i láthair ar bhealach simplí, ó bhéal agus i scríbhinn, lena n-áirítear chuig baill na foirne;
  - an cumas ionchuir a lorg ó bhaill na foirne, ó chomhpháirtithe agus ó pháirtithe leasmhara agus éisteacht leo;
- **Scileanna Idirphearsanta:**
  - An cumas déileáil le daoine go héifeachtach, go hurramach agus go cúirtéiseach;
  - an cumas caidreamh oibre bisiúil agus comhoibritheach a fhorbairt le céimlathas agus le haonaid agus le comhghleacaithe eile;

<sup>4</sup> Is é Béarla an teanga choiteann le haghaidh idirghníomhaíochta le páirtithe leasmhara EUIPO. Ina theannta sin, is i mBéarla a thionóltar formhór na gcruinnithe agus na n-imeachtaí ar an leibhéal idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, maidir leis an bpost sonrath seo, tá ardchaighdeán Béarla ó bhéal agus scríofa ag teastáil.

<sup>5</sup> Déanfar na hinniúlachtaí seo a thástáil le linn an phróisis roghnúcháin ar fad agus go háirithe le linn chéim an ionaid mheasúnaithe.

- **Scileanna idirbheartaíochta:**
  - an cumas plé a stiúradh agus na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach gan chaidrimh bhisiúla oibre leis na páirtithe eile a chur i mbaol.

#### 4. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

D'fhonn na hiarrthóirí is fearr cáilithe a roghnú a dtabharfar cuireadh dóibh freastal ar thriail/ar thrialacha na céime réamh-mheasúnaithe agus ar an agallamh leis an gCoiste Roghnúcháin, measfaidh an Oifig gur buntáistí iad na nithe seo a leanas:

- Céim sa Ghnó, sa Mhargaíocht nó i réimse gaolmhar;
- Taithí oibre i dtimpeallachtaí ilchultúrtha;
- Taithí ar choincheapa de chineál straitéiseach agus coincheapúil a dhearadh agus a dhréachtú;
- Taithí ar an gcaidreamh idir gnólachtaí agus custaiméirí a bhainistiú agus ar ghníomhaíochtaí a chomhordú, go háirithe ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal idirnáisiúnta;
- Taithí ar sheirbhísí teanga a chomhordú;
- Taithí ar eagrú agus/nó rannpháirtíocht, ionadaíocht agus cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe/comhdhálacha/imeachtaí ardleibhéil;
- Eolas ar phrionsabail fhóna na bainistíochta airgeadais agus taithí ar bhainistiú buiséad;
- Bheadh taithí ar nuálaíocht agus/nó ar chlaochlú agus/nó ar úsáid/chur i bhfeidhm na hintleachta saorga ina buntáiste.

#### 5. AN PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

##### An chéim réamh-mheasúnaithe

Déanfaidh Coiste Roghnóireachta arna cheapadh ag an údarás atá údaraithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt chun críche AACC)<sup>6</sup> réamh-mheasúnú. Tá obair agus plé an Choiste Roghnóireachta faoi rún agus tá dianchosc ar iarratasóirí teagmháil a dhéanamh lena chomhaltaí.

Le linn na céime seo, déanfar scagadh ar gach iarratas a fuarthas lena fhíorú go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta arna leagan síos faoi phointe 3 den fhógra folúntais seo.

Déanfar measúnú breise ina dhiaidh sin ar gach iarratas incháilithe de réir na gcritéar roghnúcháin a luaitear faoi phointe 4 den fhógra folúntais seo d'fhonn liosta de na hiarrthóirí is fearr cáilithe a bhunú chun cuireadh a thabhairt dóibh freastal ar agallamh leis an gCoiste Roghnóireachta.

Déanfar an t-agallamh go cianda nó in áitreabh EUIPO in Alicante na Spáinne agus, i bhfianaise an chineáil phoist, is i mBéarla a dhéanfar é. Déanfar inspreagadh, eolas teicniúil, inniúlachtaí agus taithí na n-iarrthóirí a thástáil ann maidir le dualgais an phoist agus oiriúnacht na n-iarrthóirí oibriú i dtimpeallacht idirnáisiúnta.

Le triail amháin nó roinnt trialacha, críochnófar measúnú na n-iarrthóirí ar tugadh cuireadh dóibh chun agallaimh le linn na céime réamh-mheasúnaithe seo.

Na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh freastal ar an gcéim agallaimh agus thrialach, cuirfear treoracha mionsonraithe agus faisnéis dóibh tráth an chuiridh.

<sup>6</sup> Is é Stiúrtóir Feidhmiúcháin EUIPO a fheidhmíonn cumhachtaí an AACC.

Tar éis na céime agallamh agus trialach, dréachtóidh an Coiste Roghnóireachta liosta de na hiarrthóirí is oiriúnaí a bhfuil sé beartaithe aige cuireadh a thabhairt dóibh chuig ionad measúnaithe agus chuig agallamh leis an Stiúrtóir Feidhmiúcháin agus beirt bhainisteoirí de chuid EUIPO.

### **Ionad measúnaithe**

Déanfar san ionad measúnaithe measúnú ar phoitéinseal na n-iarrthóirí agus soláthrófar mionanailís ar oiriúnacht na n-iarrthóirí ról meánbhainistíochta a fheidhmiú, go háirithe a gcuid scileanna bainistíochta, a n-inoiriúnaitheacht agus a gcroí-inniúlachtaí eile, amhail iad siúd a luaitear i bpointe 3 den fhógra folúntais.

Is cleachtaí aonair agus/nó grúpa a bheidh i gceist, mar aon le mionagallamh. Is soláthraí seachtrach a dhéanfaidh na trialacha seo.

Na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh chuig an ionad measúnaithe, cuirfear treoracha mionsonraithe agus faisnéis dóibh tráth an chuiridh.

Níl torthaí an ionaid mheasúnaithe ceangailteach ach tabharfar forléargas don AACC leo maidir le próifíl na n-iarrthóirí, go háirithe a láidreachtaí, a laigí, a riachtanais fhorbartha, a slí beatha agus a n-uailmhianta.

### **Agallamh leis an Stiúrtóir Feidhmiúcháin agus beirt bhainisteoirí**

Na hiarrthóirí uile a dtabharfar cuireadh dóibh freastal ar an ionad measúnaithe, tabharfar cuireadh dóibh freisin freastal ar agallamh le Stiúrtóir Feidhmiúcháin EUIPO.

In éineacht leis an Stiúrtóir Feidhmiúcháin beidh beirt chomhaltaí atá ag grád agus feidhm bhainistíochta atá cothrom nó níos fearr ná an fheidhm atá le líonadh.

Is iondúil go mbeidh an t-agallamh ar siúl in áitreabh EUIPO in Alicante na Spáinne agus is i mBéarla a dhéanfar é.

Beidh an t-agallamh ina chéim dheireanach sa phróiseas roghnúcháin.

Ina dhiaidh sin, déanfaidh an AACC cinneadh maidir leis an iarrthóir atá le hearcú don phost.

## **6. FAISNÉIS GHINEARÁLTA AGUS COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA**

Chun faisnéis ghinearálta a fháil faoi na nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta in EUIPO, mar aon leis na coinníollacha fostaíochta, féach an [nasc](#) seo a leanas.

Na doiciméid go léir atá ar áireamh mar naisc nó a ndéantar tagairt dóibh laistigh de chomhthéacs an fhógra seo, meastar iad a bheith ina gcuid den fhógra folúntais reatha.

## 7. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Chun iarratas a dhéanamh, léigh an fhaisnéis dá dtagraítear sa chuid thuas go cruinn agus cliceáil ar an [nasc](#) seo.

### **Tábhachtach:**

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara gurb é atá san fhaisnéis arna cur ar fáil ina n-iarratas/CV ná bonn le tuiscint ar na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin. Iarrtar orthu, dá bhrí sin, na riachtanais a léamh go cúramach agus an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil chomh mion sin go n-éascaítear an measúnú sin. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fhaisnéis faoina n-oideachas agus a dtáithí ghairmiúil, go háirithe dátaí cruinne, cur síos ar fhreagrachtaí, tascanna a rinneadh agus uirlisí a úsáideadh.

*\*Má tá neamhréir ann idir na leaganacha teangeolaíocha difriúla, ba cheart glacadh leis gurb é an leagan Béarla an leagan ceart.*